2024/748

23.2.2024

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/748 ÓN gCOIMISIÚN

an 22 Feabhra 2024

lena leasaítear Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 a mhéid a bhaineann leis na hiontrálacha a bhaineann le Ceanada, leis an Ríocht Aontaithe agus leis na Stáit Aontaithe ar na liostaí de thríú tíortha atá údaraithe maidir le coinsíneachtaí d'éanlaith chlóis agus de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis, agus d'fheoil úr ó éanlaith chlóis agus ó éin ghéim a theacht isteach san Aontas

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ('Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe') ([1]), agus go háirithe Airteagal 230(1) agus 232(1) agus (3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Foráiltear le Rialachán (AE) 2016/429 nach mór do choinsíneachtaí d'ainmhithe, de tháirgí geirmeacha agus de tháirgí de bhunadh ainmhíoch a theacht ó thríú tír nó ó chríoch, nó ó chrios nó ó dheighleog de thríú tír nó de chríoch, a liostaítear i gcomhréir le hAirteagal 230(1) den Rialachán sin chun teacht isteach san Aontas.

(2) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún ([2]) leagtar síos na ceanglais sláinte ainmhithe nach mór do choinsíneachtaí speiceas agus catagóirí áirithe d'ainmhithe, de tháirgí geirmeacha agus de tháirgí de bhunadh ainmhíoch a chomhlíonadh chun teacht isteach san Aontas ó thríú tíortha nó ó chríocha nó ó chriosanna de thríú tír nó de chríoch, nó ó dheighleoga de thríú tír nó de chríoch i gcás ainmhithe uisceacha.

(3) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún ([3]) leagtar síos na liostaí de thríú tíortha, nó de chríocha nó criosanna de thríú tír nó de chríoch, óna gceadaítear do na speicis agus do na catagóirí ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch a thagann faoi raon feidhme Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 teacht isteach san Aontas. Déantar na liostaí sin agus rialacha ginearálta áirithe maidir leis na liostaí sin a leagan amach in Iarscríbhinní I go XXII a ghabhann leis an Rialachán sin.

(4) Go háirithe, le hIarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 leagtar amach na liostaí de thríú tíortha, nó de chríocha, nó de chriosanna de thríú tír nó de chríoch atá údaraithe i dtaca le coinsíneachtaí d'éanlaith chlóis agus de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis, agus d'fheoil úr ó éanlaith chlóis agus ó éin ghéim a theacht isteach san Aontas.

(5) Thug Ceanada fógra don Choimisiún faoi cheithre ráig den fhliú éanúil ardphataigineach in éanlaith chlóis atá ann i gcúigí Alberta, Albain Nua, Ontario, agus Québec, ráigeanna a deimhníodh idir an 30 Eanáir 2024 agus an 9 Feabhra 2024 le hanailís saotharlainne (ISP cúl-trascrioptáise).

(6) Thug an Ríocht Aontaithe fógra don Choimisiún faoi ráig amháin den fhliú éanúil ardphataigineach in éanlaith chlóis atá ann i gcontae Yorkshire, Sasana, ráig a deimhníodh an 14 Feabhra 2024 le hanailís saotharlainne (ISP cúl-trascrioptáise).

([1]) IO L 84, 31.3.2016, lch. 1.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún an 30 Eanáir 2020 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le coinsíneachtaí d'ainmhithe áirithe, de tháirgí geirmeacha áirithe agus de tháirgí áirithe de bhunadh ainmhíoch a theacht isteach san Aontas, agus maidir lena ngluaiseacht agus lena láimhseáil tar éis teacht isteach dóibh (IO L 174, 3.6.2020, lch. 379, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2020/692/oj).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún an 24 Márta 2021 lena leagtar síos na liostaí de thríú tíortha, de thríú críocha nó de chriosanna díobh óna gceadaítear ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch teacht isteach san Aontas i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 114, 31.3.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2021/404/oj).

(7) Thug na Stáit Aontaithe fógra don Choimisiún faoi cheithre ráig den fhliú éanúil ardphataigineach in éanlaith chlóis i stáit Colorado, Florida, Nebraska, agus North Dakota, ráigeanna a deimhníodh idir an 6 Feabhra 2024 agus an 9 Feabhra 2024 le hanailís saotharlainne (ISP cúl-trascrioptáise).

(8) Tar éis na ráigeanna sin den fhliú éanúil ardphataigineach a bhí ann le déanaí, bhunaigh údaráis tréidliachta Cheanada, na Ríochta Aontaithe agus na Stát Aontaithe criosanna srianta de 10 km ar a laghad timpeall ar na bunaíochtaí a bhí buailte agus chuir siad beartas díothaithe chun feidhme chun láithreacht an fhliú éanúil ardphataiginigh a rialú agus chun leathadh an ghalair sin a theorannú.

(9) Tá faisnéis curtha faoi bhráid an Choimisiúin ag Ceanada, ag an Ríocht Aontaithe agus ag na Stáit Aontaithe maidir leis an staid eipidéimeolaíoch ar a gcríocha agus maidir leis na bearta atá déanta acu chun leathadh breise an fhliú éanúil ardphataiginigh a chosc.

(10) Rinne an Coimisiún meastóireacht ar an bhfaisnéis sin. I bhfianaise na staide sláinte ainmhithe sna limistéir atá faoi shrianta arna mbunú ag údaráis tréidliachta Cheanada, na Ríochta Aontaithe agus na Stát Aontaithe, measann an Coimisiún gur cheart teacht isteach coinsíneachtaí d'éanlaith chlóis agus táirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis, agus d'fheoil úr ó éanlaith chlóis agus ó éin ghéim ó na limistéir sin a chur ar fionraí san Aontas, chun stádas sláinte ainmhithe an Aontais a chosaint.

(11) Ina theannta sin, sholáthair Ceanada agus na Stáit Aontaithe faisnéis cothrom le dáta don Choimisiúin maidir leis an staid eipidéimeolaíoch ar a gcríocha a mhéid a bhaineann leis an bhfliú éanúil ardphataigineach ba chúis le teacht isteach roinnt táirgí san Aontas a chur ar fionraí, mar a leagtar amach in Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404.

(12) Chuir Ceanada isteach faisnéis cothrom le dáta maidir leis an staid eipidéimeolaíoch i ndáil le seacht ráig den fhliú éanúil ardphataigineach i gcúigí Alberta (1), British Colombia (5) agus Québec (1), ráigeanna a deimhníodh idir an 20 Deireadh Fómhair 2023 agus an 3 Eanáir 2024 le hanailís saotharlainne (ISP cúl-trascrioptáise).

(13) Chuir na Stáit Aontaithe isteach faisnéis cothrom le dáta maidir leis an staid eipidéimeolaíoch i ndáil le 16 ráig den fhliú éanúil ardphataigineach i mbunaíochtaí éanlaithe clóis i stáit California (1), Kansas (1), Minnesota (8), Ohio (1), Pennsylvania (1), South Dakota (2), agus Wisconsin (2), ráigeanna a deimhníodh idir an 24 Deireadh Fómhair 2023 agus an 27 Nollaig 2023.

(14) Chuir Ceanada agus na Stáit Aontaithe faisnéis isteach freisin faoi na bearta a rinne siad chun leathadh breise an fhliú éanúil ardphataiginigh a chosc. Go sonrach, tar éis na ráigeanna den fhliú éanúil ardphataigineach, tá beartas díothaithe curtha chun feidhme ag Ceanada agus ag na Stáit Aontaithe chun leathadh an ghalair sin a rialú agus a theorannú, agus tá na bearta glantacháin agus díghalraithe is gá curtha i gcrích acu freisin tar éis an beartas díothaithe maidir leis na bunaíochtaí éanlaithe clóis ionfhabhtaithe a chur chun feidhme ar a gcríocha.

(15) Rinne an Coimisiún meastóireacht ar an bhfaisnéis a chuir Ceanada agus na Stáit Aontaithe isteach, agus measann sé go bhfuil ráthaíochtaí iomchuí tugtha acu nach bagairt do shláinte ainmhithe ná don tsláinte phoiblí laistigh den Aontas a thuilleadh í an staid sláinte ainmhithe ba chúis le teacht isteach coinsíneachtaí de tháirgí áirithe san Aontas ó na criosanna lena mbaineann sna tríú tíortha sin a chur ar fionraí mar a leagtar amach in Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404, agus, dá bhrí sin, maidir le teacht isteach na gcoinsíneachtaí sin san Aontas ó na criosanna lena mbaineann i gCeanada agus sna Stáit Aontaithe óna raibh a dteacht isteach san Aontas curtha ar fionraí, ba cheart é a athúdarú.

(16) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 a leasú chun an staid eipidéimeolaíoch atá ann faoi láthair a chur san áireamh a mhéid a bhaineann leis an bhfliú éanúil ardphataigineach i gCeanada agus sna Stáit Aontaithe.

(17) Agus an staid eipidéimeolaíoch atá ann faoi láthair i gCeanada, sa Ríocht Aontaithe agus sna Stáit Aontaithe á cur san áireamh a mhéid a bhaineann leis an bhfliú éanúil ardphataigineach agus chun cur isteach neamhriachtanach ar thrádáil le Ceanada agus leis na Stáit Aontaithe a sheachaint, ba cheart éifeacht a bheith leis na leasuithe atá le déanamh ar Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 leis an Rialachán seo mar ábhar práinne.

(18) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 22 Feabhra 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 mar a leanas:

(1) leasaítear Iarscríbhinn V mar a leanas:

(a) i gCuid 1, leasaítear Roinn B mar a leanas:

(i) san iontráil a bhaineann le Ceanada, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios CA-2.197:

‘**CA** Ceanada	CA-2.197	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		20.10.2023	16.2.2024’

(ii) san iontráil a bhaineann le Ceanada, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chriosanna CA-2.199 agus CA-2.200:

‘**CA** Ceanada	CA-2.199	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		24.10.2023	16.2.2024
	CA-2.200		N, P1		25.10.2023	9.2.2024’

(iii) san iontráil a bhaineann le Ceanada, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios CA-2.218:

‘**CA** Ceanada	CA-2.218	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		17.11.2023	9.2.2024’

(iv) san iontráil a bhaineann le Ceanada, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios CA-2.220:

‘**CA** Ceanada	CA-2.220	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		23.11.2023	16.2.2024’

(v) san iontráil a bhaineann le Ceanada, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios CA-2.227:

‘**CA** Ceanada	CA-2.227	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		8.12.2023	9.2.2024’

(vi) san iontráil a bhaineann le Ceanada, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios CA-2.229:

'**CA** Ceanada	CA-2.229	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		3.1.2024	9.2.2024'

(vii) san iontráil a bhaineann le Ceanada, cuirtear isteach na rónna seo a leanas le haghaidh chriosanna CA-2.231 go CA-2.234 tar éis an ró le haghaidh chrios CA-2.230:

'**CA** Ceanada	CA-2.231	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		30.1.2024	
	CA-2.232		N, P1		2.2.2024	
	CA-2.233		N, P1		9.2.2024	
	CA-2.234		N, P1		9.2.2024'	

(viii) san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear isteach an ró seo a leanas le haghaidh chrios GB-2.328 tar éis an ró le haghaidh chrios GB-2.327:

'**GB** An Ríocht Aontaithe	GB-2.328	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		14.2.2024'	

(ix) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios US-2.474:

'**US** Na Stáit Aontaithe	US-2.474	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		24.10.2023	28.1.2024'

(x) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios US-2.481:

'**US** Na Stáit Aontaithe	US-2.481	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		26.10.2023	11.2.2024'

(xi) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios US-2.490:

'**US** Na Stáit Aontaithe	US-2.490	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		3.11.2023	13.2.2024'

(xii) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios US-2.506:

‘**US** Na Stáit Aontaithe	US-2.506	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		14.11.2023	9.2.2024’

(xiii) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios US-2.517:

‘**US** Na Stáit Aontaithe	US-2.517	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		17.11.2023	13.2.2024’

(xiv) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chriosanna US-2.528 agus US-2.529:

‘**US** Na Stáit Aontaithe	US-2.528	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		21.10.2023	8.2.2024
	US-2.529		N, P1		21.10.2023	9.2.2024’

(xv) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios US-2.533:

‘**US** Na Stáit Aontaithe	US-2.533	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		23.11.2023	9.2.2024’

(xvi) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios US-2.537:

‘**US** Na Stáit Aontaithe	US-2.537	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		21.11.2023	5.2.2024’

(xvii) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios US-2.541:

‘**US** Na Stáit Aontaithe	US-2.541	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		27.11.2023	8.2.2024’

(xviii) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios US-2.543:

‘**US** Na Stáit Aontaithe	US-2.543	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		29.11.2023	6.2.2024’

(xix) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios US-2.551:

‘**US** Na Stáit Aontaithe	US-2.551	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		22.11.2023	10.2.2024’

(xx) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios US-2.553:

‘**US** Na Stáit Aontaithe	US-2.553	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		28.11.2023	10.2.2024’

(xxi) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios US-2.568:

‘**US** Na Stáit Aontaithe	US-2.568	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		6.12.2023	28.1.2024’

(xxii) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios US-2.576:

‘**US** Na Stáit Aontaithe	US-2.576	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		13.12.2023	10.2.2024’

(xxiii) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios US-2.599:

‘**US** Na Stáit Aontaithe	US-2.599	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		27.12.2023	12.2.2024’

(xxiv) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear isteach na rónna seo a leanas le haghaidh chriosanna US-2.622 go US-2.625 tar éis an ró le haghaidh chrios US-2.621:

‘**US** Na Stáit Aontaithe	US-2.622	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		6.2.2024	
	US-2.623		N, P1		8.2.2024	
	US-2.624		N, P1		8.2.2024	
	US-2.625		N, P1		9.2.2024’	

(b) leasaítear Cuid 2 mar a leanas:

(i) san iontráil a bhaineann le Ceanada, cuirtear isteach na tuairiscí seo a leanas ar chriosanna CA-2.231 go CA-2.234 tar éis na tuairisce ar chrios CA-2.230:

‘Ceanada	CA-2.231	Ontario – Latitude 42.14, Longitude -83.11 The municipalities involved are: 3km PZ: Amhertsburg 10km SZ: Amherstburg, Essex, Harrow, LaSalle, Oldcastle, McGregor, and Tecumseh
	CA-2.232	Nova Scotia – Latitude 44.42, Longitude -64.54 The municipalities involved are: 3km PZ: District of Lunenburg 10km SZ: Bridgewater and the District of Lunenburg
	CA-2.233	Quebec – Latitude 45.77, Longitude -72.35 The municipalities involved are: 3km PZ: Drummondville, Durham-Sud, L’Avenir, and Lefebvre 10km SZ: Drummondville, Durham-Sud, L’Avenir, Lefebvre, Sainte-Christine, Saint-Théodore-d’Acton, Ulverton, and Wickham
	CA-2.234	Alberta – Latitude 53.37, Longitude -110.88 The municipalities involved are: 3km PZ: Vermillion 10km SZ: Claysmore and Vermillion’

(ii) san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear isteach an tuairisc seo a leanas ar chrios GB-2.328 tar éis na tuairisce ar chrios GB-2.327:

‘An Ríocht Aontaithe	GB-2.328	near Hutton Cranswick, East Yorkshire, Yorkshire, England, GB The area contained within a circle of a radius of 10km, centred on WGS84 dec, coordinates Lat: N53.93 and Long: W0.34’

(iii) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear isteach na tuairiscí seo a leanas ar chriosanna US-2.622 go US-2.625 tar éis na tuairisce ar chrios US-2.621:

'Na Stáit Aontaithe	US-2.622	State of Nebraska Gage 01 Gage County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 96.5274845°W 40.4533441°N)
	US-2.623	State of Colorado Delta 01 Delta County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 107.9818167°W 38.7723165°N)
	US-2.624	State of Florida Miami-Dade 02 Miami-Dade County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 80.4620989°W 25.7005314°N)
	US-2.625	State of North Carolina Lenoir 01 Lenoir County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 77.7818824°W 35.2876747°N)'

(2) in Iarscríbhinn XIV, i gCuid 1, leasaítear Roinn B mar a leanas:

(a) san iontráil a bhaineann le Ceanada, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chrios CA-2.197:

'**CA** Ceanada	CA-2.197	POU, RAT	N, P1		20.10.2023	16.2.2024
		GBM	P1		20.10.2023	16.2.2024'

(b) san iontráil a bhaineann le Ceanada, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chriosanna CA-2.199 agus CA-2.200:

'**CA** Ceanada	CA-2.199	POU, RAT	N, P1		24.10.2023	16.2.2024
		GBM	P1		24.10.2023	16.2.2024
	CA-2.200	POU, RAT	N, P1		25.10.2023	9.2.2024
		GBM	P1		25.10.2023	9.2.2024'

(c) san iontráil a bhaineann le Ceanada, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chrios CA-2.218:

'**CA** Ceanada	CA-2.218	POU, RAT	N, P1		17.11.2023	9.2.2024
		GBM	P1		17.11.2023	9.2.2024'

(d) san iontráil a bhaineann le Ceanada, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chrios CA-2.220:

'**CA** Ceanada	CA-2.220	POU, RAT	N, P1		23.11.2023	16.2.2024
		GBM	P1		23.11.2023	16.2.2024'

(e) san iontráil a bhaineann le Ceanada, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chrios CA-2.227:

'**CA** Ceanada	CA-2.227	POU, RAT	N, P1		8.12.2023	9.2.2024
		GBM	P1		8.12.2023	9.2.2024'

(f) san iontráil a bhaineann le Ceanada, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chrios CA-2.229:

'**CA** Ceanada	CA-2.229	POU, RAT	N, P1		3.1.2024	9.2.2024
		GBM	P1		3.1.2024	9.2.2024'

(g) san iontráil a bhaineann le Ceanada, cuirtear isteach na rónna seo a leanas le haghaidh chriosanna CA-2.231 go CA-2.234 tar éis na rónna le haghaidh chrios CA-2.230:

'**CA** Ceanada	CA-2.231	POU, RAT	N, P1		30.1.2024	
		GBM	P1		30.1.2024	
	CA-2.232	POU, RAT	N, P1		2.2.2024	
		GBM	P1		2.2.2024	
	CA-2.233	POU, RAT	N, P1		9.2.2024	
		GBM	P1		9.2.2024	
	CA-2.234	POU, RAT	N, P1		9.2.2024	
		GBM	P1		9.2.2024'	

(h) san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear isteach na rónna seo a leanas le haghaidh chrios GB-2.328 tar éis na rónna le haghaidh chrios GB-2.327:

'**GB** An Ríocht Aontaithe	GB-2.328	POU, RAT	N, P1		14.2.2024	
		GBM	P1		14.2.2024'	

(i) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chrios US-2.474:

'**US** Na Stáit Aontaithe	US-2.474	POU, RAT	N, P1		24.10.2023	28.1.2024
		GBM	P1		24.10.2023	28.1.2024'

(j) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chrios US-2.481:

'**US** Na Stáit Aontaithe	US-2.481	POU, RAT	N, P1		26.10.2023	11.2.2024
		GBM	P1		26.10.2023	11.2.2024'

(k) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chrios US-2.490:

'**US** Na Stáit Aontaithe	US-2.490	POU, RAT	N, P1		3.11.2023	13.2.2024
		GBM	P1		3.11.2023	13.2.2024'

(l) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chrios US-2.506:

'**US** Na Stáit Aontaithe	US-2.506	POU, RAT	N, P1		14.11.2023	9.2.2024
		GBM	P1		14.11.2023	9.2.2024'

(m) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chrios US-2.517:

'**US** Na Stáit Aontaithe	US-2.517	POU, RAT	N, P1		17.11.2023	13.2.2024
		GBM	P1		17.11.2023	13.2.2024'

(n) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chriosanna US-2.528 agus US-2.529:

'**US** Na Stáit Aontaithe	US-2.528	POU, RAT	N, P1		21.10.2023	8.2.2024
		GBM	P1		21.10.2023	8.2.2024
	US-2.529	POU, RAT	N, P1		21.10.2023	9.2.2024
		GBM	P1		21.10.2023	9.2.2024'

(o) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chrios US-2.533:

'**US** Na Stáit Aontaithe	US-2.533	POU, RAT	N, P1		23.11.2023	9.2.2024
		GBM	P1		23.11.2023	9.2.2024'

(p) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chrios US-2.537:

'**US** Na Stáit Aontaithe	US-2.537	POU, RAT	N, P1		21.11.2023	5.2.2024
		GBM	P1		21.11.2023	5.2.2024'

(q) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chrios US-2.541:

‘**US** Na Stáit Aontaithe	US-2.541	POU, RAT	N, P1		27.11.2023	8.2.2024
		GBM	P1		27.11.2023	8.2.2024’

(r) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chrios US-2.543:

‘**US** Na Stáit Aontaithe	US-2.543	POU, RAT	N, P1		29.11.2023	6.2.2024
		GBM	P1		29.11.2023	6.2.2024’

(s) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chrios US-2.551:

‘**US** Na Stáit Aontaithe	US-2.551	POU, RAT	N, P1		22.11.2023	10.2.2024
		GBM	P1		22.11.2023	10.2.2024’

(t) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chrios US-2.553:

‘**US** Na Stáit Aontaithe	US-2.553	POU, RAT	N, P1		28.11.2023	10.2.2024
		GBM	P1		28.11.2023	10.2.2024’

(u) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chrios US-2.568:

‘**US** Na Stáit Aontaithe	US-2.568	POU, RAT	N, P1		6.12.2023	28.1.2024
		GBM	P1		6.12.2023	28.1.2024’

(v) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chrios US-2.576:

‘**US** Na Stáit Aontaithe	US-2.576	POU, RAT	N, P1		13.12.2023	10.2.2024
		GBM	P1		13.12.2023	10.2.2024’

(w) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chrios US-2.599:

‘**US** Na Stáit Aontaithe	US-2.599	POU, RAT	N, P1		27.12.2023	12.2.2024
		GBM	P1		27.12.2023	12.2.2024’

(x) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear isteach na rónna seo a leanas le haghaidh chriosanna US-2.622 go US-2.625 tar éis na rónna le haghaidh chrios US-2.621:

‘**US** Na Stáit Aontaithe	US-2.622	POU, RAT	N, P1		6.2.2024	
		GBM	P1		6.2.2024	
	US-2.623	POU, RAT	N, P1		8.2.2024	
		GBM	P1		8.2.2024	
	US-2.624	POU, RAT	N, P1		8.2.2024	
		GBM	P1		8.2.2024	
	US-2.625	POU, RAT	N, P1		9.2.2024	
		GBM	P1		9.2.2024’	